Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

JUNIOR CERTIFICATE EXAMINATION IN MUSIC, 2016
Practical Examinations

MEMORANDUM

1. The performing examination in music consists of a test in one or two of the categories given on pages 6 – 9 of the Junior Certificate music syllabus.

2. The performing test will be held between **11 April and 22 April, 2016 inclusive**. Candidates must attend at the time allocated.

3. Other than for certified medical reasons (form MP7 refers), where a candidate is unable to attend during the assigned examination dates, it will not be possible to reschedule the examination to another date.

4. **The entire performance must be completed in the one examination session,** that is, either during the main scheduled examination period or, where authorised, on the rescheduled examination date.

5. Examinations in performing, including unprepared test, shall not, in general, exceed the following times:
   Ordinary level (10 minutes); Higher level (15 minutes).
   - Higher level candidates must perform (a) four pieces on the same instrument (or voice) in the same activity or (b) two pieces each in two different activities. No other combination is permissible.
   - Ordinary level candidates must perform two pieces on the **same** instrument (or voice) in the same activity. No other combination is permissible.
   - All candidates, including category 4, have a choice of unprepared test and may select either (i) aural-memory or (ii) sight-reading. **There are no other options.**
   - Candidates who wish to present improvisation under category 6 (pg 69, Appendix E of the syllabus) are required to forward to the State Examinations Commission two themes on which they wish to perform prepared improvisations. Higher-level candidates must show proficiency under three of the headings given in Appendix E, and ordinary-level candidates under one heading. An unprepared improvisation will be given on the day of the examination. **A sight-reading or aural-memory test will also be given**.

6. Examiners may, at their discretion, request candidates to stop at appropriate points, and/or, in a group performance where the piece is very short, to play it again. It should be noted that this has no implication whatsoever for the marking of the candidate's performance.

7. In group performing (choirs, orchestra, military bands), candidates may attend for examination in groups of up to five. Where harmony is an integral part of the performance (e.g. recorder ensembles) the number of performers per examinable part should not exceed two.

8. All songs/pieces in an activity must be presented as a performing unit in one sitting. Where members of a group are not presenting the same selection each candidate's complete programme must be heard separately.

9. All aspects of a performance must be audible to the examiner.

10. Except in the case of accompanists or a person to operate backing tracks or those involved in group performances, no person other than the candidate(s) under examination shall be allowed in the room with the examiner(s). The accompanist/backing-track operator/other performers may not be in the room while the unprepared test is being taken.

11. Mobile phones may not be used to play backing tracks. They may not be brought into the examination room by candidates <u>or</u> accompanists/teachers under any circumstances.

12. Backing tracks must be in "hard copy" format (CD/DVD/tape/USB stick/hard disk of laptop or computer). **They may not be downloaded or streamed live from the internet during the examination itself**.

13. Candidates can select a programme of their own choice for the performing test. Prior permission of the State Examinations Commission to do so is *not* required.

14. In the interest of Health and Safety, the volume of a performance must be kept at an acceptable level.

15. **All** candidates are required to attend a group meeting with the Examiner when he/she arrives in the school.
    Schools are asked to ensure that candidates are made aware of this requirement, and to provide a suitable room for the group meeting.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH SA CHEOL, 2016
Na Scrúduithe Praiticiúla

MEABHRÁN

1. Is é atá sa triail cheolchasaidh sa cheol ná triail i gceann amháin nó in dhá cheann de na catagóirí a luaitear ar lch 6 – 9 de Shiollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh.
2. Beidh an triail cheolchasaidh ann idir **11 Aibreán agus 22 Aibreán 2016**, an dá dháta sin san áireamh. Ní mór d'iarrthóirí a bheith i láthair ag an am a shocraítear dóibh.
3. Ní cheadófar an scrúdú a athsceidealú ar dháta eile, ach amháin ar chúiseanna deimhnithe leighis (féach foirm MP7) i gcás iarrthóra nach bhfuil in ann bheith i láthair le linn na tréimhse scrúdaithe a luaitear thuas.
4. **Ní mór an ceolchasadh iomlán a dhéanamh in aon seisiún scrúduithe amháin**, pé acu le linn an phríomhsheisiúin sceidealta den scrúdú nó, sa chás go gceadaítear é, ar an dáta athsceidealta.
5. Is gnách nach mairfidh na trialacha ceolchasaidh, na trialacha neamhullmhaithe san áireamh, níos faide ná seo:
   Gnáthleibhéal (10 nóiméad); Ardleibhéal (15 nóiméad).
   - Ní mór d'iarrthóirí Ardleibhéil (a) ceithre dhréacht a sheinm sa ghníomhaíocht chéanna ar an uirlis (nó guth) chéanna nó (b) dhá dhréacht an ceann in dhá ghníomhaíocht éagsúla. Ní cheadófar aon chomhcheangal eile.
   - Ní mór d'iarrthóirí Gnáthleibhéil dhá dhréacht a sheinm sa ghníomhaíocht chéanna ar an uirlis (nó guth) chéanna. Ní cheadófar aon chomhcheangal eile.
   - Beidh ar gach iarrthóir, iarrthóirí chatagóir 4 san áireamh, roghnú idir thriail neamhullmhaithe (i) sa chluaschuimhne nó (ii) san amharcléamh. **Níl rogha ar bith eile le fáil.**
   - Na hiarrthóirí ar mian leo an tobchumadh a chur i láthair faoi chatagóir 6 (lch 65, Aguisín E den siollabas), ní mór dóibh a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit cén dá théama ar a bhfuil sé i gceist acu tobchumadh ullmhaithe a sheinm. Ní mór do na hiarrthóirí Ardleibhéal oilteacht a léiriú faoi thrí cinn de na ceannteidil a thugtar in Aguisín E, agus ní mór do na hiarrthóirí Gnáthleibhéal oilteacht a léiriú faoi cheannteideal amháin. Tabharfar amach tobchumadh neamhullmhaithe lá an scrúdaithe. **Cuirfear triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne ar na hiarrthóirí freisin.**
6. Tig le scrúdaitheoirí iarraidh ar iarrthóirí stopadh ag pointí oiriúnacha, mar is rogha leo, agus/nó, sa cheolchasadh grúpa nuair a bhíonn an dréacht an-ghairid, a iarraidh orthu an dréacht a sheinm arís. Tugtar do d'aire nach mbeidh tionchar ar bith aige sin ar mharcáil cheolchasadh an iarrthóra.
7. Sa cheolchasadh grúpa (cóir, ceolfhoirne, bannaí míleata), ceadaítear d'iarrthóirí teacht i láthair don scrúdú ina ngrúpaí nach mbeidh níos mó ná cúigear iontu. Aon áit a bhfuil an armóin ina dlúthchuid den cheolchasadh, e.g. *ensembles* d'fhliúiteanna Sasanacha), ní cóir go mbeadh níos mó ná beirt iarrthóirí ann in aghaidh na coda inscrúdaithe.
8. Ní mór gach amhrán/dréacht i ngníomhaíocht a chur i láthair mar aonad ceolchasaidh in aon seisiún amháin. Aon áit nach bhfuil gach ball de ghrúpa ag cur na rogha céanna i láthair, ní mór clár iomlán gach iarrthóra a chur i láthair ar leithligh.
9. Ní mór gach gné den cheolchasadh a bheith inchloiste ag an Scrúdaitheoir.
10. Seachas tionlacaithe nó duine chun fuaimriain taca a oibriú nó ceoltóirí atá páirteach i gceolchasadh grúpa, ní ligfear duine ar bith ach an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí atá faoi scrúdú isteach sa seomra leis na scrúdaitheoirí. Ní cheadaítear don tionlacaí ná don duine atá chun fuaimriain taca a oibriú ná do cheoltóirí eile a bheith sa seomra le linn don triail neamhullmhaithe a bheith ar siúl.
11. **Ní ceadmhach fón póca a úsáid chun fuaimrian taca a sheinm. Níl cead ag na hiarrthóirí ná acu siúd a bheidh á dtionlacan ná ag múinteoirí fón póca a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe ar chúis ar bith.**
12. Ní mór fuaimrianta taca a bheith i bhformáid chruachóipe (dlúthdhiosca/DVD/téip/méaróg USB/an diosca crua ar ríomhaire (glúine)). **Ní cheadmhach fuaimrianta taca a íoslódáil ná a shruthú beo ón idirlíon le linn na trialach féin.**
13. Tá cead ag na hiarrthóirí clár dá rogha féin a bheith acu don triail cheolchasaidh. Ní gá cead chuige sin a fháil roimh ré ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
14. Ní mór airde na fuaime sa cheolchasadh a choinneáil ar leibhéal inghlactha mar mhaithe le cúinsí Sláinte agus Sábháilteachta.
15. Ní mór do na hiarrthóirí **uile** bualadh leis an Scrúdaitheoir ina ngrúpa nuair a thagann sé/sí go dtí an scoil. Iarrtar ar na scoileanna a dhéanamh cinnte go gcuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil sin riachtanach, agus go gcuirtear seomra oiriúnach ar fail don chruinniú leis an ngrúpa.